**Foirm DLW1**

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

An tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 - 1990

# IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN EISILTEACH TRÁCHTÁLA AGUS/NÓ SÉARAIGH A SCARDADH CHUN UISCÍ
# (Nó chun Screamhuisce trí Chrios Síothlaithe)

CHUIG Eolaí Feidhmiúcháin

SEOLADH Ionad Seirbhísí Pobail,
Comhairle Chontae Dhún na nGall,
Bóthar Neil T. Uí Bhléine,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall **F92 TNY3**

Déanaim iarratas leis seo ar cheadúnas faoi Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, (arna leasú 1990), chun eisilteach a scardadh de réir na bpleananna agus na sonraí eile atá faoi iamh.

**Séarachta amháin** ☐ **Trádála amháin** ☐ **Trádála agus Séarachta** ☐

**Tá/Níl** an scardadh a bhféachtar le ceadúnas a fháil dó ann cheana féin * mar a shainítear in alt 5(4) den Acht. Déanfar an scardadh chun uiscí.

**Síniú: ________________________________**
**(Le síniú ag Stiúrthóir, nó Oifigeach eile sa Chomhlacht)**

Ainm i bPrionta (Bloclitreacha) ________________________________

Dáta: ________________________________

* Féach nótaí míniúcháin ag deireadh an fhoirm iarratais

## RIACHTANAS AR CHEADÚNAS UM THRUAILLIÚ UISCE

Is cion é scardadh ioncheadúnaithe a dhéanamh chun uiscí nó chun séaraigh, diomaite de réir fhorálacha na nAchtanna thuas.

Is iad na DÍOLÚINTÍ ó na forálacha ceadúnaithe maidir le *scardaidh chun uiscí* ná: -

- Scardadh chun uiscí taoide ó soithigh ag muirdhéanmhais.
- Scardadh ó shéaraigh na nÚdarás Áitiúla.
- Scardadh eisiltigh thrádála ag Údarás Sláintíochta chomh fada agus a bhaineann sé le feidhmiú a chumhachtaí agus a dhualgaisí, diomaite ó shéarach.
- Séaracht tís is lú ná 5 méadar ciúbach in aon tréimhse 24 uair a scairdtear ag uiscíoch ó dhabhach séarachais nó ó aon aonad diúscartha trí chrios síothlaithe, poll súite nó modh eile.

# ***Comhairle Chontae Dhún na nGall***

***Donegal County Council***

## IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN EISILTEACH TRÁCHTÁLA NÓ SÉARACHT TITHÍOCHTA POBAIL A SCARDADH CHUN UISCÍ

(Nó chun Screamhuisce trí Chrios Síothlaithe)

***Má's iarratas é seo ar athbhreithniú ar cheadúnas a deonaíodh cheana féin, sonraigh uimhir thagartha an cheadúnais sin le do thoil: _______________***

1 **Ainm agus seoladh an Iarratasóra**

2 **Ainm agus seoladh an Ghníomhaire fá choinne comhfhreagrais**

3 **Uimhir Fóin / Uimhir Faics/ seoladh e-phost**

4 **Uimh. thagartha Phleanála** (má's cuí)

5 **Má's cuideachta chláraithe an t-iarratasóir, sonraigh:**

Ainm Chláraithe na Cuideachta:

Seoladh na hOifige Chláraithe:

Ainm Rúnaí na Cuideachta:

6 **Ainm agus Seoladh an áitribh as a mbeidh eisilteach le scardadh:**

7 **An scairdfear an tEisilteach chun uiscí dromchla nó screamhuiscí (trí chrios síothlaithe)?**

**Uiscí Dromchla** ☐ **Screamhuiscí** ☐

8 **Ainm na nUiscí a bhfuil an scardadh beartaithe chucu** *(uiscí dromchla amháin)*

9 **Láthair an phointe scardaidh: Baile Fearainn agus Tagairt Eangaí Náisiúnta**

| Baile Fearainn | Ó thuaidh | Soir |
|---|---|---|
| | | |

10 **Cuir síos ar an eisilteach** (m.sh. Séaracht Tís nó saghas eisiltigh trádála)

11 **Sonraí de mhéid agus de thógáil an phíopa scardaidh:**

12 **Foinse sholáthar uisce óil don fhorbairt:**

13 **Sonraí faoi na socruithe leis an eisilteach a thomhas agus samplaí a thógáil de:**

14 **Sonraí faoin chóiriú atá beartaithe don eisilteach:**

| |
|---|
| |

15 **Dáta Tosaithe an Scardaidh:**

| |
|---|
| |

16 **An ann don eisilteach cheana féin? Má's ea, sonraigh dáta tosaithe an scardaidh**

| | | |
|---|---|---|
| Is ea | Ní hea | Dáta: |

17 **Sonraí ar aon socruithe speisialta le doirteadh de thaisme a smachtú:**

| |
|---|
| |

18 **Eisilteach Shéaracht Tís:**

| | |
|---|---|
| a Líon na ndaoine a fhreastailítear orthu: | |
| b Meántoirt laethúil an eisiltigh | |

19 **Sonraí ar aon eisiltigh eile ón áitreabh**

| |
|---|
| |

20 **Sonraí ar Uiscí Glactha** *(scardaidh chuig uisce dromchla amháin)*

| | |
|---|---|
| a Sreabhadh 95%íl réamh-mheasta na nuiscí glactha: | |
| b Sreabhadh sheal triomaigh réamh-mheasta na nuiscí glactha | |

21 **Sonraí Hidrigeolaíoch** *(scardaidh chun screamhuisce trí chrios síothlaithe amháin)*

| | |
|---|---|
| Tréscaoilteacht na Fo-ithreach | |
| Méid-dáileachán cháithníní ithreach | |
| Tréscaoilteacht na Buncharraige | |
| Ráta Athlíonta | |
| Grádán Hiodrálach | |
| Doimhneacht don Maoschlár | |
| Rátáil leochaileachta | |

## 22 Saintréithe an Eisiltigh

Líon isteach do gach tréith chuí ag tabhairt an raon tiúchana má's ann. Níl an liosta thíos ach táscach – ba cheart aon tréith fhisiceach, cheimiceach nó eile mar is cuí a shonrú. *Nóta: Do eisilteach tís líon isteach rannán A amháin.*

| *Rannán* | *Tréith* | *Aonad* | *Roimh Chóireáil* | *Mar a scairdtear* |
|---|---|---|---|---|
| **A** | Teocht | $^{o}$C | | |
| | PH | | | |
| | Dath | $^{o}$ Hazen | | |
| | B.O.D. | mg/l | | |
| | Solaid ar fuaidreamh | mg/l | | |
| | Solaid Insíothlaithe | mg/l | | |
| | Solaid Tuaslagtha | mg/l | | |
| | Amóinia (N) | mg/l | | |
| | Níotráití (N) | mg/l | | |
| | Ortafosfáití (P) | mg/l | | |
| | Fosfar Iomlán (P) | mg/l | | |
| | Sulfáití ($SO_4$) | mg/l | | |
| | Clóirídí (Cl) | mg/l | | |
| | Feanól ($C_6H_5OH$) | mg/l | | |
| | Glantaigh mar Sulfáit Láirile | mg/l | | |
| | Saill Ola & Gréisc | mg/l | | |
| **B** | **Lotnaidicidí & Tuaslagóirí** | | | |
| | Atraisín | µg/l | | |
| | Déchlóraimeatán | µg/l | | |
| | Siomaisín | µg/l | | |
| | Tolúéin | µg/l | | |
| | Xiléiní | µg/l | | |
| **C** | **Miotail** | | | |
| | Arsanaic | µg/l | | |
| | Cróimiam | µg/l | | |
| | Copar | µg/l | | |
| | Ciainíd | µg/l | | |
| | Fluairíd | µg/l | | |
| | Luaidhe | µg/l | | |
| | Nicil | µg/l | | |
| | Sinc | µg/l | | |
| | *Iomlán Miotal Trom* | µg/l | | |
| **D** | Comhdhúile Orgánahalaigine (Sonraigh) | | | |
| | Comhdhúile Orgánafosfair (Sonraigh) | | | |
| | Comhdhúile Orgánastáin (Sonraigh) | | | |
| | Ola mhianrach agus hidreacarbóin de bhunús peitriliam | | | |
| | Substaintí Nimhiúla Eile (Sonraigh) | | | |
| **E** | **Eile** | | | |
| | Tréithe ábhartha eile, sonraí tocsaineacht éisc ó tástálacha ar iomlán nó cuid den eisilteach san áireamh. | | | |

***Nóta:Is féidir le iarratasóirí ar cheadúnais eisilteach tís gabháil thar Rannán 23-26***

23 **Eisilteach Trádála**

| | |
|---|---|
| Gnáthtoirt le scardadh go laethúil: | |
| Uastoirt le scardadh go laethúil: | |
| Uastoirt le scardadh san uair: | |
| Tréimshse(í) sa ló a ndéanfar an scardadh: | |
| Athruithe séasúracha, nó aon athruithe eile (siocair mhífheidhm ghléasra san áireamh) sa toirt atá le scardadh: | |

24 **Cuir síos go beacht ar an phróiseas trádála is siocair an eisiltigh** *(Eisilteach Trádála amháin)*: Gléasra, modhanna, próisis agus gnásanna oibriúcháin (úsáid bileog bhreise má's gá):

25 **Rialúcháin SEVESO** *(Eisilteach Trádála amháin)*

a Sonraigh cé acu arb é gníomhaíocht atá ann mar, nó a chuimsíonn, nó atá le haghaidh gníomhaíocht thionsclaíoch nó stóráil ar leithlis a bhaineann Rialacháin 12 go 18 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Guaiseacha Mórthionóiscí de Ghníomhaíochtaí Thionsclaíocha Áirithe), 1986 (Ionst. Reacht. Uimh. 292 de 1986), arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Guaiseacha Mórthionóiscí de Ghníomhaíochtaí Thionsclaíocha Áirithe) (Leasú), 1989 (Ionst. Reacht. Uimh. 194 de 1989) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Guaiseacha Mórthionóiscí de Ghníomhaíochtaí Thionsclaíocha Áirithe) (Leasú), 1992 (Ionst. Reacht. Uimh. 21 de 1992,) leis.

| Tá | Níl |
|---|---|

b Má's 'Tá', tabhair breac-chuntas ar conas a bhaineann na rialacháin seo leis an phróiseas. Ba cheart eolas tacaíochta maille le cóipeanna de aon Staidéar ar Oibriúcháin Ghuaiseacha (HAZOP) a rinneadh ar an suíomh, agus aon eolas tacaíochta eile a chur san áireamh.

26 **Amhábhair agus Táirge** *(Eisilteach Trádála amháin)***:**

Críochnaigh Tábla 1, Bileoga 1, 2 & 3 thall

## Tábla 1 (Bileog 1 de 3): Sonraí na nÁmhábhar, Ábhar Idirmheánach, Táirgí srl. a bhaineann leis an phróiseas, agus a úsáidtear nó a ghintear ar an suíomh

| **Uimh. Thag. Nó Cód** | **Ábhar/ Substaint(1)** | **Uimhir CAS** | **Catagóir(2) Bhaoil** | **Méid Stóráilte** (tonaí) | **Úsáid Bhliantúil** (tonaí) | **Cineál Úsáide** | **Orgánach/ Neamh-orgánach** | **Frása-R(3)** | **Frása-S(3)** | **Seveso Tá/Níl** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | |

**1 of 3**

Nótaí:
1. Sa chás go gcuimsíonn ábhar roinnt ábhar contúirteach ar leith ar fáil, sonraigh gach substaint chomhpháirteach le do thoil.
2. c.f. Airteagal 2(2) de Ion. Reacht. Uimh. 77/94
3. c.f. Sceidil 2 and 3 de Ion. Reacht. Uimh. 77/94

**Tábla 1 (Bileog 2 of 3): Sonraí na nÁmhábhar, Ábhar Idirmheánach, Táirgí srl. a bhaineann leis an phróiseas, agus a úsáidtear nó a ghintear ar an suíomh**

| **Uimh. Thag. Nó Cód** | **Ábhar/ Substaint(2)** | **Éiceolaíoch Uisceach** | | | | **Tocsaineolaíoch** | | | | **Radai- ghníomhach** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | $LC_{50}$ mg/l | Speiceas | $EC_{50}$(4) mg/l | Speiceas | Béal- $LD_{50}$ mg/kg | Speiceas | IV $LD_{50}$ mg/kg | Speiceas | **Tá/Níl** |
| | | | | | | | | | | |

**2 of 3**

Nótaí (ar lean): 4: Má's ann.

## Tábla 1 (Bileog 3 of 3): Sonraí na nÁmhábhar, Ábhar Idirmheánach, Táirgí srl. a bhaineann leis an phróiseas, agus a úsáidtear nó a ghintear ar an suíomh

| Uimh. Thag. Nó Cód | Ábhar/ Substaint[(2)] | TA Luft Aicme 1, 2 nó 3 | Boladh | | | EU Liostaí I agus II (Ticeáil agus sonraigh Uimhir an Ghrúpa/Aicme) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Boladh Tá/Níl | Cur Síos | Tairseach µg/m³ | Treoir um Substaintí Contúirteacha 76/464/EEC | | Treoir um Screamhuisce 80/68/EEC | |
| | | | | | | Liosta I | Liosta II +129[(5)] | Liosta I | Liosta II |
| | | | | | | | | | |

**3 of 3**

Nótaí (ar lean): 5. Liosta Iarrthóirí an Choimisiúin Eorpaigh

27 **Doiciméadú le le cur isteach leis an Iarratas seo:**

*(Féach nótaí míniúcháin thall)*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Foirm Iarratais, críochnaithe & sínithe (1 bunleagan & | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Fógra Nuachtáin (Bunleagan, leathanach iomlán & | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Táille Iarratais €380 | | Ceangailte? | |
| Mapa láithreach 1:2,500 | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Líníocht Chóras Draenála. | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Sonraí Oibreacha Cóireála *(má's beartaithe)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Uiscí Glactha Áirimh shreabhadh 95%íl & seal triomaigh | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Uiscí Glactha Anailís Cheimiceach agus Mhiocróbach *(Uiscí dromchla & Screamhuiscí i gcás síothlaithe)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Measúnacht ar iarmhairt an scardaidh ar na huiscí glactha | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Creidiúnú/Deimhniú Anailíse | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Measúnacht Screamhuiscí *(ceantair shíothlaithe)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Tocsaineacht / tástáil bhithbhailiú/bhithmhilleadh *(má's gá)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Deimhniú Corpraithe na Cuideachta *(má's cuí)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Mionchuntas ar Oibriúchán Trádála *(Trádáil amháin, má's cuí)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |
| Rialacháin SEVESO. Eolas Tacaíochta Phróisis *(Trádáil amháin, má's cuí)* | 2 Chóip | Ceangailte? | |

**Deimhním go bhfuil an fhaisnéis ar agus leis an fhoirm seo ceart**

**Sínithe:** ______________________________

**Ainm:** ______________________________

**Dáta:** ______________________________

**Bí cinnte le do thoil go bhfuil rannáin uile an iarratais seo líonta go hiomlán**

# IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN EISILTEACH TRÁCHTÁLA NÓ SÉARAIGH A SCARDADH CHUN UISCÍ

(Nó chun Screamhuisce trí Chrios Síothlaithe)

## (SÉARACHT TITHÍOCHT POBAIL AGUS EISILTIGH TRÁDÁLA)

## NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

**(Treoir amháin atá sna nótaí seo agus ní ceart a mheas gur míniú dlíthúil ar an reachtaíocht iad).**

**1.** **Táille:** Caitear táille €380 a chur isteach le gach iarratas ar cheadúnas.

**2.** **(A) Fógra Nuachtáin – Iarratas Nua**

Cuirtear an Fógra Poiblí i nuachtán a léitear sa limistéar ina ndéanfar an scardadh. Úsáid nuachtáin áitiúla má’s féidir.

Bíodh “**Scardadh Eisilteach chun Uiscí**” mar theideal ar an fhógra mar a fhoilsítear é agus caithfidh sé:

- Ainm an iarratasóra agus ainm an údaráis phoiblí a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chuige a lua (i.s. Comhairle Chontae Dhún na nGall).
- Cuntas ginearálta ar an eisilteach a thabhairt.
- I gcás eisilteach trádála, an cineál trádála nó tionscail a shonrú.
- Ainm agus láthair an áitribh óna scairdfear an t-eisilteach agus,
- Na huiscí a scairdfear an t-eisilteach chucu a chur in iúl.

**(B) Fógra Nuachtáin – Athbhreithniú ar Cheadúnas a Deonaíodh cheana féin**

Cuirtear an Fógra Poiblí i nuachtán a léitear sa limistéar ina ndéanfar an scardadh. Úsáid nuachtáin áitiúla má’s féidir.

Bíodh “**Scardadh Eisilteach chun Uiscí Fógra Rúin athbhreithniú ar cheadúnais scardaidh faoi Achtanna Rialtais Áitiuil (Truailliu Uisce) 1977 & 1990 agus Rialacháin Rialtais Áitiuil (Truailliu Uisce) 1978** mar theideal ar an fhógra mar a fhoilsítear é agus caithfidh sé:

- Ainm an iarratasóra agus ainm an údaráis phoiblí a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh chuige a lua (i.s. Comhairle Chontae Dhún na nGall).
- Uimhir thagartha a bhaineann leis an Cheadúnas a lua
- An chúis leis an athbhreithniú ma’s lú ná trí bliana an tréimhse ó dáta an cheadúnais nó dáta an athbhreithnithe dheiridh
- Cur in iúl don phobal go dtig uiríll scríofa a dhéanamh chuig an Údarás Poiblí laistigh de mhí amháin ó dáta an fhógra

Cuirtear isteach an t-iarratas **laistigh de dhá sheachtain** ó dáta foilsithe an fhógra nuachtáin.

Má tharlaíonn go bhfuil níos mó ná dhá sheachtain caite ó fhoilsiú sa nuachtán agus cur isteach an iarratais ábhartha, nó má fheictear don Údarás Poiblí nach de réir na riachtanas cibé fógra de bharr a ábhar, nó ar aon chúis eile go bhfuil sé míthreorach nó uireasach mar eolas don phobal, d’fhéadfadh an tÚdarás Poiblí

oibleagáid a chur ar an iarratasóir cibé fógra breise a fhoilsiú i gcibé téarmaí a shonróidh sé agus cibé fianaise a shonróidh sé gur comhlíonadh aon riachtanas a chur chuige.

3. **Foirm Iarratais:** Caithfear dha chóip den fhoirm iarratais a chur isteach, ceann amháin acu le bheith ina bunchóip den iarratas agus fógra nuachtáin ar leathanach iomlán san áireamh. Caithfear an bunchóip den iarratas a bheith críochnaithe go hiomlán agus sínithe.

4. **Mapa den Láthair:** Dhá mhapa den láthair ar scála 1/2500 ag taispeáint an áitribh, na n-uiscí a ndéanfar an scardadh chucu, an pointe scardaidh do na huiscí, ainm an bhaile (na mbailte) fearainn ina bhfuil an áitreabh, na hoibreacha cóireála agus an pointe scardaidh suite, teorainneacha na talún atá i seilbh an iarratasóra, Pointe an Tuaiscirt agus Uimhir an Bhileog Ordanáis. Do chriosanna síothlaithe, léirigh le do thoil suíomhanna na dtollpholl buan fá choinne monatóireacht a dhéanamh ar an screamhuisce.

5. **Córas Draenála:** Dhá líníocht den láthair ar scála 1/500 ag taispeáint an chóras draenála, pointí samplála agus aon oibreacha, treallamh nó gléasra a scairdfear eisilteach uathu.

6. **Oibeacha Cóireála:** Dhá líníocht den láthair ar scála 1/500 ar a laghad ag taispeáint aon oibreacha cóireála, stáisiúin chaidéalúcháin, pointí samplála, struchtúir, fálta, ionaid chruasheasaimh, bóithre rochtana, saoráidí láimhsithe sloda, saoráidí nite gléasra, saoráidí sláintíocha. Mionchuntas ar chineál, múnla, toilleadh na n-oibreacha cóireála agus caighdeáin bainte amach do BOD srl, de réir *Nóta Faisnéise Uim. 2 – Treoirlínte um Eisiltigh a Scardadh chun Uiscí ó Fhorbairtí Tionsclaíocha & Tráchtála, agus ó Fhorbairtí Tithíocht Pobail,* mar atá eisithe ag an Rannóg Timpeallachta, Comhairle Chontae Dhún na nGall agus atá ar fáil ón suíomh idirlín.

7. **Tréithe an Eisiltigh:** Cur síos ar na tréithe uile sa bhfoirm iarratais.

8. **Áirimh Shreabhadh Uiscí Glactha:** Dhá chóip de mhionáirimh ag léiriú an sreabhadh ionchais 95%íl agus seal triomaigh sna huiscí glactha. Féach *"Nóta Faisnéise Uim. 2"*

9. **Anailís Cheimiceach agus Mhiocróbach Uiscí Glactha:**

Féach *"Nóta Faisnéise Uim. 2 "*

10. **Measúnacht ar iarmhairt ar na hUiscí Glactha:**
Féach *"Nóta Faisnéise Uim. 2 "*

11. **Eolas Oibriúcháin** *(Eisilteach Trádála amháin):*
Cur síos ar an ghléasra, modhanna, próisis agus nósanna oibriúcháin:
- Liosta de gach aonadoibríocht a réiteach, maille le plean den láthair a léiríonn suíomh gach gníomhaíochta agus a ainmníonn na foirgnimh agus saoráidí go léir.
- Sreabhléaráid shimplí de gach aonadoibríocht, maille le cuntas gairid dá chuspóir.
- Cuntas ar an chóras rialaithe próisis ag léiriú an trealamh rialaithe.

- Eolas ar gach gné den aonadoibríocht a d'fhéadfadh astuithe don timpeallacht a ghiniúint le linn ghnáth oibriúcháin agus fosta dá dtarlódh mífheidhm nó briseadh i seirbhísí m.sh. cailteanas cumhachta.
- Sonraí achoimre de na gníomhaíochtaí ar siúl in aon saotharlann bainteach leis an ghníomhaíocht.

**12. Ámhábhair agus Táirge** *(Eisilteach Trádála amháin):*

Liostaigh na h-amhábhair agus aon ábhair, substaintí, ullmhóidí, breoslaí agus fuinneamh cúntacha a n-úsáidfear sa ghníomhaíocht nó a ghinfear dá barr *(féach Tábla 1,Bileoga 1, 2 & 3 den Foirm Iarratais).*

Ba cheart don liosta(í) bheith fíor-chuimsitheach. Cuirtear na hábhair go léir, na breoslaí, na hidirmheánaigh, ceimiceáin saotharlainne agus táirgí uile san áireamh.

Liostaigh na h-amhábhair uile, idirmheánaigh agus táirgí ginte, agus aon ábhar eile san áireamh m.sh. ceimiceáin ghlantacháin bainteach leis an phróiseas, ceimiceáin chóireáil uisce, breiseáin in uisce fuaraithe / uisce coire agus ceimiceáin saotharlainne (sa chás deireanach ná sonraigh ach na ceimiceáin siúd a úsáidtear níos mó ná 2.5kg nó 2.5 litres sa bhliain).

Caithfear sonraí tocsaineachta agus eolas timpleallachta ar na hábhair seo a liostáil. Tugtar na breoslaí agus an fuinneamh a úsáidtear sa ghníomhaíocht. Ba cheart an méid a stóráiltear de ghnáth agus an tréchur bliantúil a liostáil.

Sa chás go gcuimsíonn an t-amhábhar roinnt substaintí agus nach féidir a aicmiú i gceart faoi na ceannteidil tugtha i dTábla 1; caithfear gach comhbhall ceimiceach a shainiú agus a shonrú sa tábla agus na colúin éagsúla a líonadh. Mar bunphrionsabal, nuair a chinntear comhbhaill an ábhair gur fiú a liostáil, ná déan measúnú ach orthu siúd a bhfuil cumas acu ceann ar bith de na trí mheán timpeallachta a thruailliú má théann siad ó rialú bainistíochta.

Tugtar aire ar leith d'ábhair agus do tháirgí déanta as, nó ina bhfuil, substaintí contúirteacha mar a thuairiscítear i Rialacháin AE (Aicmiú, Pacáistiú, Lipéadú agus Substaintí Contúirteacha a Fhógairt) 1994 [Ion. Reach. 77/94]. Caithfidh an liosta na hábhair seo a aicmiú de réir Airteagail 2 de na Rialacháin, agus na Frásaí Riosca ceapaithe (Frásaí-R) a shonrú do gach substaint de réir Sceidil 2 de na Rialacháin.

Caithfear Tábla 1 (ag cuimsiú trí bhileog) a chríochnú. Cóipeáil mar is gá.

**13. Cuideachtaí Chláraithe:** Nuair a ngnítear iarratas in ainm chuideachta, caitear cóip den Deimhniú Corpraithe, maille le liosta na stiúrthóirí, a thabhairt leis an iarratas.

**14. Eolas Breise:** Cuirfidh iarratasóir ar cheadúnas, cé is moite de cheadúnas do scardadh a deonaíodh cheana, cibé sonraí eile a theastóidh ón Údarás Poiblí de réir réasúin ar fáil leis an iarratas a bhreithniú, agus sonraí ar chaighdeán, toirt agus ráta sreafa sna huiscí glactha, iarmhairt an scardaidh ar na huiscí siúd agus torthaí aon iniúchadh a rinneadh nó a héileadh ag an Údarás Áitiúil maidir le nithe gaolmhara san áireamh.

## 15. Athbhreithniú ar Cheadúnais

Tá ceadúnais faoi réir athbhreithnithe in eatraimh ama nach lú ná trí bliana iad. Is féidir áfach ceadúnas a athbhreithniú ag am ar bith: -

a. Le cead an duine atá ag déanamh an scardaidh.

b. Sa chás go bhfuil cion forais réasúnaigh ag an Údarás Áitiúil chun a chreidiúint gur mórbhaol do shláinte an phobail an scardadh.

c. Sa chás go bhfuil athrú ábhartha gan choinne tagtha ar dhálaí sna huiscí glactha.

## 16. Pionóis

Ta na pionóis seo a leanas forordaithe faoin Acht do dhuine a sháraíonn forálacha an cheadúnais: -

a. Arna chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €1,269.74 (maille le, i gcás ciona leanúnaigh, fíneáil nach mó ná €126.97 in aghaidh gach lae a leanfar den sárú) nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach mó ná sé mhí nó, faoi rogha na cúirte, cibé fíneáil nó fíneálacha agus cibé príosúntacht araon, nó

b. Arna chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €6348.69 (maille le, i gcás ciona leanúnaigh, fíneáil nach mó ná €634.87 in aghaidh gach lae a leanfar den sárú) nó príosúnacht ar feadh tréimhse nach mó ná dhá bhliain nó, faoi rogha na cúirte, cibé fíneáil nó fíneálacha agus cibé príosúntacht araon.

## 17. Sainmhínithe

Ciallaíonn “EISILTEACH TRÁDÁLA” eisilteach ó aon oibreacha, gaireas, gléasra nó píopa siltin a úsáidtear chun aon leacht (cé acu cóireáilte nó gan a bheith) a dhiúscairt in uiscí nó chun séaraigh, bíodh nó ná bíodh ábhar caithníneach ar fuaidreamh ann, a scairdtear as áitreabh ina bhfuil aon trádáil nó tionscal ar siúl (mianadóireacht san áireamh), ach gan séaracht tís nó uisce báistí a chur san áireamh.

Ciallaíonn “EISILTEACH SÉARACHTA” eisilteach ó aon oibreacha, gaireas, gléasra nó píopa siltin a úsáidtear chun séaracht cóireáilte nó neamhchóireáilte a dhiúscairt in uiscí.

Ciallaíonn “SCARDADH ATÁ ANN CHEANA” scardadh atá cosúil ó thaobh cineáil, comhdhéanaimh agus teochta, agus atá comhchosúil ó thaobh toirte agus an ráta a ndéantar é, le scardadh a rinneadh i rith aon tréimhse chomhfhreagrach sa tréimhse dhá mhí dhéag ag críochnú ar 1ú Deireadh Fomhair, 1978, i gcás scardaidh chun uiscí, agus an tréimhse dhá mhí dhéag ag críochnú ar 1ú Eanair, 1978 i gcás scardaidh chun séaraigh.

*Críoch*